

Ceacht 2



Ba chóir go mbeadh na leanaí in ann dearccháí a mheas a chuirtear i láthair sna meáin agus a roghnú aontú nó easaontú leis na dearccháí sin mar shampla maidir le leanaí ag úsáid na meán sóisialta

Cuspóir Foghlama

Ba chóir go mbeadh na leanaí in ann a thuiscint go mbíonn dearccháí éagsúla ag daoine éagsúla. Ba chóir go mbeidís in ann dearcadh a aithint agus a mhíniú cibé acu an aontaíonn nó an easaontaíonn siad leis an dearcadh a cuireadh i láthair. Ba chóir go mbeadh na leanaí feasach ar an díospóireacht a bhaineann le daoine óga ag úsáid na meán sóisialta.

Toradh Foghlama

Ba chóir go mbeadh na leanaí in ann a thuiscint go mbíonn dearccháí éagsúla ag daoine éagsúla. Ba chóir go mbeidís in ann dearcadh a aithint agus a mhíniú cibé acu an aontaíonn nó an easaontaíonn siad leis an dearcadh a cuireadh i láthair. Ba chóir go mbeadh na leanaí feasach ar an díospóireacht a bhaineann le daoine óga ag úsáid na meán sóisialta.

Nótaí an Mhúinteora

A thuiscint gurb é is brí le rud éigin a áitiú ar dhuine ná a chur ina luí ar dhuine rud éigin a dhéanamh. A thuiscint go bhfuil dearcadh againn go léir atá tábhachtach, ach go háirithe nuair atá na meáin ag dul i bhfeidhm orainn. A thuiscint conas a chuirtear dearccháí i láthair sna meáin, agus conas a d'fhéadfadh na leanaí iad a mheas.

Tá a lán díospóireachta ann sa lá atá inniu ann maidir leis na meáin agus daoine óga, agus cibé acu an bhfuil saol na meán folláin dóibh agus iad ag fás aníos nó nach bhfuil. Tá sé tábhachtach go mbeadh leanaí páirteach sa phlé sin agus go dtiocfaidís ar a ndearcadh féin, chomh maith le bheith in iúl ar na dearccháí a bhíonn ag daoine eile.

Acmhainní

- Gníomhaíocht 2.1
- Gníomhaíocht 2.2
- Gníomhaíocht 2.3
- Gníomhaíocht 2.4

Modheolaíocht

- Caint agus plé: An Popamhrán; Dearcadh
- Comharfhoghlaim: An Cluiche 'Aontaím/Easaontaím', An Cluiche 'Cuir ina Luí Orm',
- Foghlaim Ghníomhach: Díospóireacht faoi na Meáin; Scríobh Freagra
- Scileanna trí mheán an ábhair: Cuairt ar Ionad Siopadóireachta – An tOllmhargadh

Ceacht 2



Cur Chuige

Céim 1: An Popamhrán

- Seinn popamhrán don rang. Fiafraigh de na leanaí an amhrán maith é, dar leo?
- Tabhair an deis don rang a dtuairimí éagsúla a chur in iúl.
- Má tá siad ar aon tuairim, d'fhormhór, spreag iad agus a mhalairt a mholadh.
- Déan suirbhé ar an rang agus faigh amach cén popamhrán is fearr leo faoi láthair.
- Arís, mura bhfuil comhdhearcadh ann, mol amhrán eile, agus léirigh dóibh gur féidir le duine dearcadh éagsúil a bheith acu.

Céim 2: An Cluiche Aontaím/Easaontaím

- Léifidh an múinteoir ráiteas agus rachaidh na leanaí go taobh amháin nó an taobh eile den rang ag brath ar an aontaíonn nó an easaontaíonn siad leis an ráiteas.
- Gheobhaidh na leanaí ar thaobh amháin an deis iarracht a chur ina luí ar na leanaí ar an taobh eile teacht agus bheith ar a dtaobh agus vice versa.
- Ba chóir an deis seal a thabhairt do gach leanbh a n-argóintí a dhéanamh ionas go gcloisfidh gach éinne a bhfuil le rá acu.
- Seo a leanas roinnt samplaí de ráitis a d'fhéadfadh an múinteoir a úsáid:
 - Is sársmaoineamh é an obair bhaile
 - Tá spóirt níos fearr ná ealaín
 - Tá popcheol níos fearr ná rac-cheol
 - Tá seacláid breá folláin agus go maith don tsláinte.

Céim 3: An Cluiche 'Cuir in Luí Orm'

- Déan suirbhé i measc na leanaí maidir leis ngránach bricfeasta, na milseáin nó an spórt is fearr leo. Breac síos na torthaí agus cruthaigh graf chun na torthaí a léiriú.
- Roghnaigh an trí cinn is coitianta agus roinn an rang i dtrí fhoireann. Roghnaigh leanbh amháin le bheith 'neodrach' agus le suí i lár an tseomra. Beidh ar gach foireann a chur ina luí ar an leanbh 'neodrach' gurb é an gránach bricfeasta, na milseáin nó an spórt acusan an ceann/na cinn is fearr.
- Tabhair an deis do gach foireann smaoineamh ar chúiseanna agus a bheith chomh sonracha agus is féidir leo faoi cén fáth a ndearna siad an rogha sin agus cén fáth a bhfuil sé níos fearr ná roghanna eile. D'fhéadfadh an múinteoir macasamhlú a dhéanamh ar an bpróiseas, chun cuidiú leis na foirne.
- Tabhair an deis do roinnt leanaí an ról 'neodrach' a ghlacadh chun cuidiú leo lena scileanna áitithe, agus ar bhaill éagsúla na bhfoirne a bheith i bhfeighil ar an bpróiseas áitithe.
- Fiafraigh den leanbh neodrach cén fáth ar roghnaigh siad an gránach bricfeasta, na milseáin nó an spórt a roghnaigh siad. Fiafraigh de na foirne cén argóint a chuir é sin ina luí orthu?
- Agus an t-aiseolas á lorg, fiafraigh de na leanaí cad iad na bealaí is fearr chun rud éigin a chur ina luí ar dhuine éigin. Breac síos aon mholtaí uathu.

Ceacht 2



Cur Chuige ar lean

Céim 4: Cuairt ar an Ionad Siopadóireachta – An tOllmhargadh

- Mínígh do na leanaí go mbíonn meáin de shíor ag iarraidh a chur in luí orainn rud éigin a cheannach nó a úsáid, mar shampla táirgí amhail bia, éadaí, cluichí, leabhair, bréagáin agus teicneolaíocht.
- Luaigh an ghníomhaíocht a rinne na leanaí cheana féin “Cuairt ar an Ionad Siopadóireachta.” Na lógónna, na sluáin agus na dathanna a roghnaigh siad dá siopaí, dá n-éadaí agus dá mbotháin le linn na gníomhaíochta agus iad ag iarraidh a chur ina luí ar dhaoine táirgí a cheannach agus a úsáid.
- Mínígh do na leanaí go bhfuil siad chun iarracht a dhéanamh a shamhlú go bhfuil siad ag fillleadh ar an ionad siopadóireachta chun dul chuig an ollmhargadh.
- Cuir i gcuimhne do na leanaí go bhfuil an t-ollmhargadh roinnte ina phasáistí, le táirgí éagsúla ar na pasáistí éagsúla. Fiafraigh de na leanaí cad atá ar na pasáistí éagsúla san ollmhargadh.

Seans go luafaidh siad uirlisí agus earraí cistine, earraí glantacháin tí, táirgí cógaisíochta, soláthairtí do pheataí, feoil, glasraí agus torthaí, táirgí déiríochta, earraí ón mbácús, DVDanna, trealamh spóirt, cluichí cláir, bia do naíonáin agus táirgí cúraim leanaí.

- I ngrúpaí nó i mbeirteanna, beidh ar na leanaí pasáiste ar leith a roghnú agus a shamhlú cad iad na táirgí éagsúla atá le fáil ar an bpasáiste sin. Iarr ar an leanaí mír amháin a roghnú óna bpasáiste, ar dóigh leo gur féidir leo a chur ina luí ar an rang a cheannach nó a úsáid.
- Ina ngrúpa nó lena bpáirtí, bain úsáid as na noda i nGníomhaíocht 2.1 chun cuidiú leo an rogha a dhéanamh conas is fearr a chur ina luí ar na leanaí eile táirge a cheannach nó a úsáid.
 - Cad is ainm do do tháirge?
 - Cén chuma atá air?
 - Cé a cheannódh é? Daoine fásta, leanaí, daoine óga, daoine scothaosta, teaghlaigh?
 - Cé hiad ar chóir duit an fhógraíocht a dhíriú orthu? An ceannaitheoir nó an t-úsáideoir?
 - Cár chóir duit an fhógraíocht a dhéanamh? Ar líne, ar phóstaer, ar an teilifís, ar an raidió, ar aipeanna?
 - Cén sluán is oiriúnaí chun a chur ina luí ar dhaoine do tháirge a cheannach nó a úsáid?
 - An bhfuil pacáistiú air? Má tá, cén dath, lógó nó branda atá air?
 - Dear an pacáistiú do do tháirge, lena n-áirítear an dath, an lógó nó an branda.
- Mínígh do na leanaí gurb é atá i gceist le rud a áitiú ar dhuine ná a chur ina luí orthu rud éigin a dhéanamh.
- Chuige sin, is gá duit dearcadh a bheith agat i leith topaice nó táirge.
- Is éard is dearcadh ann tuairim nó barúil atá agat faoi rud éigin.



Gníomhaíocht 2.1

Céim 5: Dearcadh

- Mínígh do na leanaí go mbíonn dearccháí éagsúla á gcur chun tosaigh ag meáin éagsúla an t-am ar fad.
- Inis do na leanaí go mbíonn dearccháí láidre sna meáin maidir le topaicí éagsúla, agus uaireanta go mbíonn na meáin ag iarraidh go n-aontóimis leis an dearcadh sin.
- Taispeáin Gníomhaíocht 2.2 don rang agus tabhair an deis do na leanaí an t-alt a léamh.
- Ag deireadh an ailt, iarr ar na leanaí i ngrúpaí cinneadh a dhéanamh an aontaíonn nó an easaontaíonn siad leis an alt.
- Iarr orthu a ndearcadh maidir leis an alt a chur in iúl.



Gníomhaíocht 2.2

Ceacht 2




Cur Chuige ar lean

Céim 6: Díospóireacht faoi na Meáin

- Mínígh do na leanaí gur féidir leo pointí eile maidir le Gníomhaíocht 2.2 a iniúchadh.
- Molfaidh an múinteoir díospóireacht ranga ar an rún seo a leanas: “Ba chóir do chuideachtaí meáin ar fud an domhain srian a chur leis an rochtain a bhíonn ag daoine óga ar na meáin shóisialta.” I mbeirteanna, i ngrúpaí nó i bhfoirne iarr ar na leanaí a roghnú a bheith i bhfabhar nó i gcoinne an rúin. Ansin bain úsáid as Gníomhaíocht 2.3 chun struchtúr a chur ar an díospóireacht.
- Tabhair an deis do gach taobh plé a dhéanamh ina measc féin faoina ndearcadh, agus an deis freagairt don taobh eile ag deireadh na díospóireachta. D’fhéadfadh grúpaí éagsúla rúin eile a mholadh.
- Cuideoidh an múinteoir leis na leanaí a ndearcthaí a chur in iúl.
- Tabhair an deis dóibh easaontú, agus frithargóintí a dhéanamh.
- Ag deireadh na díospóireachta, mínígh go bhfuil dearcthaí éagsúla ag foirne éagsúla, ach go bhfuil gach dearcadh luachmhar.
- D’fhéadfaí síneadh a chur leis an ngníomhaíocht agus aon cheann de na rúin seo a leanas a dhíospóireacht ar an mbealach céanna:
 - Ba chóir do leanaí éide scoile a chaitheamh
 - Is sársmaoineamh é an obair bhaile mar go gcuidíonn sé le leanaí a bheith ag foghlaim
 - Níor chóir do leanaí fóin phóca a bheith acu
 - Ba chóir go mbeadh laethanta saoire scoile níos giorra ionas go mbeadh níos mó ama ag leanaí níos mó a foghlaim.



Gníomhaíocht 2.2



Gníomhaíocht 2.3

Céim 7: Scríobh Freagra

- Mínígh do na leanaí go bhfuil siad chun ról an iriseora a ghlacadh sa ghníomhaíocht seo agus freagra a scríobh ar an alt i nGníomhaíocht 2.2 dá nuachtán áitiúil.
- Bainfidh siad leas as an bhfaisnéis go léir a bhailigh siad le linn na díospóireachta chun teacht ar dhearcadh cibé acu an aontaíonn nó an easaontaíonn siad leis an alt agus leis an dearcadh atá á chur chun tosaigh ann.
- Is cuma cibé acu an bhfuil siad ag aontú nó ag easaontú is cóir dóibh cúiseanna a thabhairt lena ndearcadh.
- Is féidir le leanaí obair ar bhonn aonair, i mbeirteanna nó i ngrúpaí agus freagra a thabhairt ar an alt ag úsáid Gníomhaíocht 2.4.
- Ag deireadh na gníomhaíochta seo iarr ar na leanaí ar mhaith leo a n-alt a léamh, agus a ndearcadh a chur in iúl.



Gníomhaíocht 2.4